NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Curaclam á Athshamhlú

## Tuarascáil ar Sheimineár 3

Deireadh Fómhair 2023

## An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ DO NA SEIMINEÁIR ATHSHAMHLAITHE CURACLAIM.........................................4

COMHPHLÉ 1: COMHTHÁTHÚ, OIDEOLAÍOCHT, AGUS MEASÚNACHT – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ.........................................................................................5

COMHPHLÉ 2: OIDEOLAÍOCHTAÍ BUNSCOILE, DEARCTHAÍ NA MÚINTEOIRÍ AGUS NA BPÁISTÍ – EOCHAIRTHÉAMAÍ A D'EASCAIR AS AN GCOMHPHLÉ ........ 6

AGUISÍN 1: EAGRAÍOCHTAÍ LEASMHARA A D'FHREASTAIL AR AN SEIMINEÁR 11

AGUISÍN 2: SPREAGAITHISC AGUS PAINÉALAITHE................................................ 12

## Réamhrá do na Seimineáir Athshamhlaithe Curaclaim

Sheol an tAire Oideachais *Creatchuraclam na Bunscoile* ar an 9 Márta, 2023. Agus é ag cur le buanna na gcuraclam a bhí i bhfeidhm roimhe seo, is é a samhlaíodh leis an gcreat seo ná forbairt curaclam bunscoile lena soláthrófaí neamhspleáchas agus solúbthacht do scoileanna, lena bhfreagrófaí do thosaíochtaí a bheadh ag teacht chun cinn ó thaobh foghlaim páistí de, lena n-athrófaí an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair, agus lena dtacófaí le héagsúlacht de chuir chuige oideolaíocha mar a mbeadh an measúnú lárnach don fhoghlaim agus teagasc. Beidh tionchar suntasach ag na paraiméadair seo, go háirithe na cinn sin a bhaineann le struchtúr agus cur i láthair an churaclaim, ar fhorbairt na sonraíochtaí do réimsí agus ábhair churaclaim, nithe ar tosaíodh a oibriú orthu cheana trí bhunú na meithle forbartha curaclaim. Chun tacú le forbairt na sonraíochtaí úra curaclaim, tá CNCM tar éis roinnt staidéar taighde a choimisiúnú agus bunófar sraith de sheimineáir Athshamhlaithe Curaclaim ar thorthaí na staidéar seo. Tabharfaidh na seimineáir seo deis do pháirtithe leasmhara machnamh a dhéanamh ar na príomhphointí a thagann chun cinn ón taighde, agus na pointí sin a phlé agus a scagadh ó dhearcthaí éagsúla.

Le *Creatchuraclam na Bunscoile*, déantar seacht bpríomhinniúlacht a leabú a chuimsíonn torthaí foghlama an pháiste ó na naíonáin bheaga go dtí rang a sé, lena ndírítear ar scileanna, eolas agus meonta, agus luachanna agus dearcthaí an pháiste a fhorbairt. Ar a bharr sin, athraíonn sé an chaoi a ndéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair.  Tá an creat struchtúrtha ina chúig réimse curaclaim leathana:

- Teanga
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).

Ar an rud is suntasaí, b'fhéidir, ó thaobh na seimineár Athshamhlaithe de, tá an soláthar a dhéantar sa chreat le haghaidh eispéireas foghlama comhtháite, agus réimsí curaclaim ann i gcéimeanna 1 agus 2 (Na Naíonáin Bheaga – Rang a Dó). Aithnítear leis na réimsí seo aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugtar níos mó rogha don mhúinteoir i dtaca le heispéiris foghlama shaibhre a ullmhú agus a éascú trí chuir chuige spraíúla tharraingteacha. Tacaíonn an curaclam le foghlaim agus forbairt na bpáistí níos sine i gcéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go dtí Rang a Sé) trí bheith ag forbairt ar réimsí curaclaim chéimeanna 1 agus 2 agus iad a dhéanamh níos idirdhealaithe ina n-ábhair chun an fheasacht atá ag teacht chun cinn i measc na bpáistí ar ábhair, mar bhealach chun an domhan a eagrú, a léiriú.

I bhfianaise na n-ocht bPrionsabal uileghabhálacha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe i gCreatchuraclam na Bunscoile, bhí fócas Sheimineár 3, ar an 4 Deireadh Fómhair 2023, ar Chomhtháthú, Oideolaíocht agus Measúnacht i gcuraclam athfhorbartha. Chun tacú le cíoradh agus le comhphlé i dtaobh na ngnéithe seo den churaclam, díríodh i gcuir i láthair de

chuid na meithleacha taighde (ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ó *Shaol Scoile Páistí (CSL)*, an staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) ar ghnéithe tábhachtacha dá gcuid torthaí. Tar éis na gcur i láthair, éascaíodh comhphlé ar na ceisteanna seo a leanas:

- Céard iad na teachtaireachtaí a sheasann amach mar rudaí tábhachtacha nó ábhartha?
- Céard iad na príomhcheisteanna ar gá breithniú orthu agus an curaclam á fhorbairt?
- Céard iad na deiseanna agus na hathruithe féideartha ó thaobh foghlaim páistí de?
- Céard iad na himpleachtaí do mhúinteoirí a mbeadh an réimse curaclaim seo á chur i bhfeidhm acu?

Tá sintéis sa tuarascáil seo ar na nótaí a taifeadadh ó na naoi gcomhphlé mar aon le roinnt breathnuithe ginearálta a bhféadfaí breithniú orthu arís de réir mar a chuirfí forbairt na sonraíochtaí curaclaim chun cinn. Is trí bhreathnuithe na ndaoine a bhí i láthair ag an gComhphlé a chuirtear na breathnuithe ginearálta sin i láthair den chuid is mó.

## Comhphlé 1 Comhtháthú, Oideolaíocht, agus Measúnacht – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

Léirítear san fhianaise taighde ón staidéar ar chomhtháthú, oideolaíocht agus measúnacht, go bhfuil cur i bhfeidhm caolchúiseach ag teastáil, agus nach bhfuil aon chur chuige faoi leith níos fearr, rud a léiríonn an tábhacht atá le cumas gníomhaíoch an mhúinteora. Ní bhreathnaítear ar chomhtháthú mar sprioc ann féin, ach mar chothromú d'fhoghlaim thrasdisciplíneach agus dhisciplíneach chun rannpháirtíocht agus doimhneacht a chumasú. Mar an gcéanna, is rud é a eascraíonn as roghanna a dhéanamh laistigh de chomhthéacs tacúil, léirítear cumas gníomhaíoch an mhúinteora agus an pháiste trí na rudaí a dhéanann siad, ní trí rud atá acu ó nádúr.

Cuireadh fáilte mhór roimh scóip agus soiléireacht an chur i láthair sa chomhphlé.  Braitheadh gurb é an machnamh a dhéantar ar an gcomhtháthú ón tús a laghdódh an imní go sárófaí nó go gcaillfí na disciplíní ábhair, agus/nó go measfaí eolas disciplíneach agus/nó teagasc díreach faoina luach. Braitheadh go bhfuil go leor rudaí le fáil in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcóras, agus go bhféadfaí an Creatchuraclam léarscáil a chur ar fáil maidir leis an mbealach chun tosaigh chun curaclam comhtháite a fhorbairt trína fhócas ar chaidrimh agus tríd an gcaoi a bhfaigheann sé cothromaíocht idir na gnéithe den churaclam atá páiste-stiúrtha agus múinteoir-stiúrtha.  Ar a bharr sin, braitheadh dá gcloífí leis na prionsabail den *Chreatchuraclam Bunscoile*, gur cheart go mbeadh na heispéiris foghlama chomhtháite ábhartha do shaol na bpáistí, gur cheart dóibh rannpháirtíocht fhiúntach a chur chun cinn agus ligean do na páistí na scileanna a fhorbairt a bhaineann lena n-eispéiris saoil.

I bhfianaise an mhéid athruithe a bhfuil na múinteoirí agus na scoileanna ceaptha a chur i bhfeidhm, beidh sé riachtanach go gcuirfear am agus spás ar fáil, ag leibhéal na scoile agus na tacaíochta, ionas go mbeifear in ann coincheapa amhail cumas gníomhaíoch a phlé, sa chaoi is go bhfuil tuiscint chomhroinnte ar choincheapa nua in ann teacht chun cinn. Moladh go mbeidh ar na heiseamláirí, na foirne uirlisí agus an FGL teacht leis an smaointeoireacht faoi chomhtháthú sa chreat. Beidh ról tábhachtach ag ceannaireacht scoile chun an cineál seo

smaointeoireachta a chur chun cinn, agus beidh sé riachtanach cumhacht a thabhairt do gach ball de phobal na scoile.

Braitheadh gurb é machnamh an mhúinteora an rud is tábhachtaí don ullmhúchán: *'Pleanálann tú, athraíonn tú do phlean agus athraíonn tú arís é – ach caithfidh tú leanúint den phleanáil a thaifeadadh. Caithfidh tú taifead a dhéanamh ar an méid a rinne tú i ndáiríre seachas an méid a phleanáil tú ag an tús'*. Fiú mura mbíonn na ceachtanna nó gníomhaíochtaí ar an gcaighdeán a raibh an múinteoir ag súil leis, luadh go bhféadfadh na múinteoirí foghlaim ón eispéireas, agus machnamh á dhéanamh acu ar a gcleachtas agus a machnaimh a úsáid chun eolas a dhéanamh dá n-ullmhúchán agus dá bpleanáil amach anseo. Thug an Roinn Oideachais leanúnachas faoi deara idir na torthaí ón taighde seo agus an *tUllmhúchán don Teagasc agus Foghlaim* ón Roinn Oideachais, go háirithe sa chaoi a bhfuil an fócas ar an bhfíor-eispéireas sa mheasúnú ar aon dul leis an mbéim ar *ullmhúchán dofheicthe* sa treoir.

Níl sa tástáil ach cuid amháin den mheasúnú, agus caithfidh an comhrá faoi thosaíochtaí measúnaithe ag leibhéal bunscoile leanúint ar aghaidh. Thángthas ar chomhaontú go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil an páiste in ann an méid a d'fhoghlaim sé a thabhairt chun solais. D'aithin na rannpháirtithe an tionchar atá ag measúnú múnlaitheach ar phleananna na múinteoirí a mhúnlú agus ar eolas a dhéanamh do chinntiú faoi ghníomhaíochtaí foghlama. D'athdhearbhaigh siad an tábhacht lena chinntiú go bhfuil na páistí i lár chinntí na múinteoirí faoi na cuir chuige oideolaíochta agus mheasúnaithe.

Braitheadh go mbeadh sé tábhachtach go gcuirfí na teachtaireachtaí ón taighde seo in iúl ag oiliúint tosaigh múinteoirí (ITE), go háirithe chun tionchar an chultúir de 'leanúint ar aghaidh leis an méid a rinneadh riamh' a laghdú le linn do na múinteoirí nua a bheith ag teacht isteach sa ghairm.

## Comhphlé 2: Oideolaíochtaí Bunscoile, dearcthaí na múinteoirí agus na bpáistí – Eochairthéamaí a d'eascair as an gcomhphlé

Bhí cur i láthair na dtorthaí taighde ón staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn darb ainm *Saol Scoile Páistí (CSL)*, bhí sé bunaithe ar an oideolaíocht de réir thuiscint na múinteoirí agus na bpáistí. Cuireadh san áireamh sa seimineár go bhfuil castacht ag baint leis na seomraí ranga mar spásanna sóisialta, chomh maith leis an tsoiléireacht a bhaineann le machnaimh na bpáistí ar an bhfoghlaim, agus aclaíocht shistéamach agus freagrúlacht an oideachais bunscoile a theagasc. Cuireadh i gcuimhne do rannpháirtithe an tseimineáir go mbíonn tionchar ag na múinteoirí ar na páistí a theagascann siad agus go mbíonn tionchar ag na páistí ar na múinteoirí a bhíonn á dteagasc. Nochtadh ann freisin cineál mí-oiriúna sa chleachtas oideolaíochta idir na luathbhlianta agus na blianta deireanacha den bhunscolaíocht.

Thángthas ar chomhaontú sa chomhphlé go raibh sé go hálainn sonraí taighde Éireannacha nua a bheith againn, rud a léiríonn an tábhacht le staidéar CSL. Bhraith na rannpháirtithe, cé go bhfuil rudaí is féidir linn a fheabhsú, tá formhór na bpáistí sásta ar scoil de réir cosúlachta, rud a bhí dearfach. Luadh nádúr cothaitheach agus teacht aniar bhunscoileanna na hÉireann; chomh maith leis na caidrimh i seomra ranga a bhfuil áthas ann agus breithiúnas gairmiúil an mhúinteora, agus cheap go leor daoine gur riachtanais iad sin d'oideolaíocht éifeachtach, agus go raibh siad ar aon dul leis an mbéim ar fholláine i *gCreatchuraclam na Bunscoile*. Is é an smaoineamh de mhúinteoirí ag obair *lena gcloigne, lena lámha agus lena gcroíthe* a chuireann béim ar an ngné chaidreamhach de theagasc agus ar ról na múinteoirí agus na scoileanna i

saol na bpáistí. Luaigh cuid acu gurbh údar aiféala é go gceapfadh na páistí gur lú an sásamh a bhain siad as an scoil le linn dóibh ag bheith ag dul trí bhunscolaíocht. Maidir leis na rannpháirtithe, ba léiriú a chuirfeadh lagmhisneach orthu an léiriú ar bhunscoil ina gcuirtear níos lú ama ar fáil do na páistí le dul ag spraoi agus le bheith cruthaitheach de réir mar a éiríonn siad níos sine, agus chuir siad béim ar an tábhacht le fócas a choinneáil ar spraíúlacht tríd an scolaíocht ar fad. Luaigh cuid de na rannpháirtithe an méid tionchair atá ag an aistriú go hiar-bhunscolaíocht ar an eispéireas a bhíonn ag na páistí sna blianta sinsearacha sa bhunscoil, agus cheap na rannpháirtithe céanna go mb'fhéidir go bhféadfadh na múinteoirí a bheith ródhírithe ar an ullmhúchán don mheánscoil seachas ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéim ag a bhfuil na páistí ar mhaithe leis an gcéim chéanna.

Chuir cuid acu in iúl go bhféadfadh foghlaim trí shúgradh dul i léig tar éis Rang a 1 de réir mar a éiríonn an scolaíocht níos 'acadúla'. Bhí siadsan den tuairim, má tá oideolaíocht spraíúil le leanúint ar aghaidh sna ranganna níos sine, nach mór sainmhíniú níos follasaí a bheith uirthi. Mar sin, bheadh fáilte roimh chreat le haghaidh súgartha sna ranganna sinsearacha agus d'fhéadfaí eiseamláirí úsáideacha a chur ar fáil do na múinteoirí lena bplé agus lena meas. Cheap cuid de na rannpháirtithe gurb é an t-am iomarcach a thugtar chun taifead a dhéanamh ar phleanáil na múinteoirí a laghdaigh an poitéinseal le haghaidh oideolaíocht fhreagrúil agus gur chuir sé isteach ar a gcumas le hullmhú le haghaidh eispéiris foghlama nithiúla agus ghníomhacha. Cheap siad gur cheart go mbeadh cumas gníomhaíoch níos fearr ag múinteoirí ina bpleanáil agus go gcaithfidh níos mó béime a chur ar ról an ullmhúcháin dhofheicthe chun críocha seo. Ina leith seo, shainaithin cuid acu cultúr na scoile mar ghné ríthábhachtach. Bhraith cuid eile go bhféadfadh na scoileanna tuilleadh a dhéanamh chun tacú le múinteoirí ag iarraidh cuir chuige nua a thriail, agus gur túsphointe maith é comhphleanáil a dhéanamh agus modheolaíocht nua á triail. Mar a dúirt rannpháirtí amháin: *'Cé go bhfuil 'riosca' ag baint le rud éigin nua a thriail, tá riosca níos mó ag baint le neamhaird a thabhairt ar an rud céanna!'*

Ba díol spéise é an toradh a bhaineann le grúpáil chomhchumais. Cé gur díol iontais do go leor rannpháirtithe é an toradh, bhí cuid eile acu neamhchinnte faoin réasúnaíocht faoin gcleachtas, cé acu an riachtanas praiticiúil atá ann seachas rogha oideolaíochta, nó an é gur cuireadh i bhfeidhm é go díreach lena chinntiú go raibh meascán cumas i ngach grúpa; bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go mbeadh tuilleadh taighde ag teastáil ar mhaithe le soiléireacht. Cuireadh fáilte roimh an aitheantas a tugadh do sholúbthacht i ngrúpáil chomhchumais i measc na naíonán—nach mbíonn na páistí sna grúpaí céanna ar feadh i bhfad, gur féidir leo bogadh isteach agus amach as grúpaí éagsúla.

Rinneadh tagairt do roinnt cur chuige sa tuarascáil, agus braitheadh gur cuimsíodh na cuir chuige leo sna treoirlínte measúnaithe reatha do scoileanna. Níl na scoileanna ag tosú ón tús ach fós, b'fhéidir nach mbeadh na múinteoirí ar an eolas faoi réimse na modhanna measúnaithe atá siad a úsáid cheana. Thug na rannpháirtithe tacaíocht don smaoineamh gur cheart go mbeadh an rogha ag na páistí maidir leis an gcaoi a léiríonn siad a bhfoghlaim. Labhraíodh faoin toradh ón tuarascáil CSL, agus bhíothas den tuairim gurbh iondúil go raibh guth an pháiste láraithe faoi aontú ar rialacha agus ar dhuaiseanna, bhraith cuid acu gur cheart cumas gníomhaíoch an pháiste a leathnú ionas go gcuimseofaí leis cinnteoireacht faoi ghnéithe d'fhoghlaim níos leithne. É sin ráite, luaigh cuid de na rannpháirtithe nár cheart talamh slán a dhéanamh den leibhéal muiníne agus den taithí a theastaíonn ón múinteoir chun ról éascaíochta a ghlacadh chun ligean do na páistí a bheith i gceannas.

Breathnaíodh ar chumas gníomhúcháin (lena n-áirítear guth agus rogha a thabhairt do na páistí ina bhfoghlaim) mar rud lárnach sa dá chur i láthair. Cuireadh béim ar am agus spás do thaiscéalaíocht agus rannpháirtíocht le smaointe nua agus casta sna cuir i láthair agus bhraith cuid de na rannpháirtithe gur tháinig dúshlán faoi leith chun cinn dá réir maidir le dearadh

agus seachadadh an FGL, rud a cuireadh in iúl mar seo: *'Is iondúil go gceanglaítear tagairt a dhéanamh d'oideolaíocht in FGL le haon réimse ábhair amháin. Is iad na múinteoirí ag a bhfuil suim ar leith sa réimse ábhair seo a dhíríonn ar pháirt dhíograiseach a ghlacadh ann. Ach, d'fhéadfadh FGL ginearálta ar oideolaíocht, comhtháthú agus measúnacht a bheith an-chabhrach do na múinteoirí, beag beann ar a n-eolas féin ar réimse ábhair ar leith,'*

## Conclúid – an comhphlé painéil

Ba é an comhphlé leis an bPainéal Comhairliúcháin a thacaigh leis an bplé sin agus cuimsíodh leis an bpainéal: an Dr Thomas Walsh, an tOll. Louise Hayward, an tOll. Dominic Wyse), painéal arna bhunú ag CNCM chun tacú le hathfhorbairt Churaclam na Bunscoile. Labhair na painéalaithe ar na cuir i láthair taighde agus ar a rannpháirtíocht sa chomhphlé boird. Rinneadh an pointe gur ag croílár na hoibre a bhaineann leis an gcuraclam a athfhorbairt, baineann sé ar fad leis an sprioc agus ba cheart dó seo cur i gcuimhne dúinn nach mór dúinn páirt a thabhairt do na páistí agus do na múinteoirí chun smaoineamh faoin bhfoghlaim. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo más rud é go bhfuilimid ag iarraidh páirt a thabhairt do na múinteoirí sa phróiseas forbartha; caithfimid machnamh a dhéanamh ar na smaointe i gcleachtas na múinteoirí mar lár an phróisis.

Chuir na painéalaithe roinnt machnamh in iúl faoi oideolaíocht agus cumas gníomhaíoch. Cuirtear ceisteanna tábhachtacha sa staidéar Saol Scoile Páistí amhail cén chaoi a bhfuil sé le bheith i d'fhoghlaimeoir, agus cuireann sé i gcuimhne dúinn cumhacht ghuthanna na bpáistí agus go deimhin roinnt rudaí dearfacha inár gcóras oideachais. Agus muid ag cuimhneamh ar an déscaradh idir na luathchéimeanna agus na céimeanna níos déanaí de bhunoideachas cuirtear an méid seo i gcuimhne dúinn: tionchar Aistear agus lárnacht an chaidrimh idir an múinteoir agus an páiste. Tá an oideolaíocht bunúsach sa chaoi is go bpléitear inti meonta i leith na foghlama, cumas gníomhaíoch an pháiste, agus dinimic chumhachta an mhúinteora agus an fhoghlaimeora. Is inti freisin a bhfuilimid in ann déileáil le ceisteanna atá réasúnta simplí freisin, agus tugann sí orainn cuimhneamh ar an gcaoi a labhraíonn na múinteoirí leis na páistí, an chaoi a smaoiníonn siad faoi pháistí, an chaoi a bhfiosraíonn siad saol na bpáistí taobh amuigh den scoil go cúramach. Tá cumas gníomhaíoch an mhúinteora chomh tábhachtach céanna le cumas gníomhaíoch an pháiste: tá cumas gníomhaíoch bunúsach d'fhoghlaim éifeachtach agus caithfimid fáil amach cén chaoi a bhfuilimid in ann cúnamh a thabhairt chun páirt a thabhairt do dhaoine sa phróiseas foghlama. Tacaíonn gach toisc chórais le cumas gníomhaíoch nó cuireann siad bac air – comhtháirgtear cumas gníomhaíoch trí ghníomh.

Bhreathnaigh baill an phainéil ar na chéad chéimeanna eile sa phróiseas athfhorbartha, agus luaigh siad go raibh na coincheapa amhail comhtháthú agus oideolaíocht casta, agus go mbeidh am agus deis ag teastáil ó na múinteoirí le bheith rannpháirteach sna gnéithe seo. B'fhéidir go mbeadh plean cabhrach don rannpháirtíocht seo a léirítear trí shamplaí ó shaol scoile san fhíorshaol, eiseamláirí atá inrochtana ach ní gá go mbeadh siad gan locht, bunachar sonraí a bheadh sách cuimsitheach ach oscailte fós, ina léirítear céard is féidir le múinteoirí agus páistí a dhéanamh. D'fhéadfadh a leithéid d'acmhainn a bheith ina cabhair páirt a thabhairt dúinn ar fad san fhiontar roinnte seo, sa taiscéalaíocht éiginnte ar smaointe casta, agus sa rithim tástáil agus earráid/tástáil agus rath a bhaineann le curaclam a athrú. Seans gurb é an rud is mó atá le tuiscint ón seimineár seo ná nach mbaineann sé le réiteach simplí a fháil ach baineann sé le cuir chuige chaolchúiseacha a chur i bhfeidhm sna réimsí, comhtháthú, oideolaíocht agus measúnú, cur i bhfeidhm a chuireann béim ar obair mhothúchánach atá lárnach don oideachas.

## Faoi dheireadh... dearcadh sionoptach

De réir mar a théann athfhorbairt an churaclaim chun cinn, is é an taighde coimisiúnaithe agus bunéirim na seimineár athshamhlaithe seo a leanas a dhéanfaidh eolas d'obair na meithle forbartha: beidh inspreagadh agus dúshláin an chomhtháthaithe agus an gá atá ann sonraíocht a dhearadh a bheidh ag teacht le *Creatchuraclam na Bunscoile*; agus an riachtanas go mbeidh na páistí, mar fhoghlaimeoirí gníomhacha rannpháirteacha, lárnach don obair. Agus deireadh ag teacht leis na seimineáir *Curaclam á Athshamhlú*, leagann an plé béim ar roinnt réimsí a mbeidh athshúil le tabhairt orthu ó am go chéile agus na sonraíochtaí curaclaim á dtabhairt chun críche agus ina dhiaidh sin. Áirítear leis sin, ceisteanna a bhaineann le comhtháthú, le heolas ábhair oideolaíoch, le foghlaim ghairmiúil bhunathraitheach agus le dearadh agus cur i bhfeidhm chláir FGL, leis na bealaí ina ndéantar eiseamláiriú ar chuir chuige oideolaíochta chun leasa na múinteoirí agus na bhfoghlaimeoirí, agus leis na bealaí is fearr inar féidir leis an bpobal uile oideachais an spreagadh reatha i leith an athraithe chun tairbhe na bpáistí a choimeád.

Cuimsíodh trí sheimineár leis an tsraith *Curaclam á Athshamhlú* agus chaith rannpháirtithe agus painéalaithe seimineáir solas ar roinnt deacrachtaí lena mbreithniú le linn na hoibre reatha.

- Beidh go leor deiseanna iontacha le fáil sa tsolúbthacht a thagann le torthaí foghlama leathana ach cruthóidh sé seo dúshláin do na daoine a dtaitníonn cuspóirí inneachair mionsonracha leo. Is é an dúshlán a bheidh ann na torthaí a choinneáil leathan agus oscailte ach ar bhealaí a dtreorófar daoine chuig réimsí ina mbeidh inneachar iomchuí.

- Beidh foireann chuimsitheach uirlisí riachtanach chun tacú le teagasc na dtorthaí foghlama, mar aon le sonraíocht an churaclaim. D'fhéadfaí creat le haghaidh oideolaíocht spraíúil sna ranganna sinsearacha a chur san áireamh san fhoireann uirlisí agus d'fhéadfaí eiseamláirí úsáideacha a chur ar fáil do na múinteoirí lena bplé agus lena meas.

- Fágann úire spreagúil an churaclaim go mbíonn gá ann am agus spás a chur ar fáil do mhúinteoirí chun páirt a ghlacadh i gcineál dialóige gairmiúla i gcomhpháirt le comhghleacaithe agus daoine eile chun tacú lena rannpháirteachas leis an gcuraclam.

- Tá an-tábhacht ag baint le cultúr agus timpeallacht an tseomra ranga, agus le cultúr agus timpeallacht na scoile. Bíonn caidrimh, fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, i gcroí gach aon rud, agus sa chomhthéacs seo bíonn ról ríthábhachtach ag ceannaireacht na scoile maidir le héascaíocht a dhéanamh ar chomhroinnt saineolais agus ar thógáil cumais.

- Ar bhealach, tá sé tábhachtach, go bhfuil 'guth agus rogha' ina shlat tomhais oiriúnach don churaclam athfhorbartha, trína fhís d'fhoghlaim neamhspleách a fhí isteach i dtionscadail chomhoibríocha.

- Tugann láidreacht dhoshéanta an chórais bunscoile le fios go bhfuil pobal oideachais na hÉireann in áit mhaith chun tabhairt faoin athrú curaclaim. É sin ráite, tá clár FGL a dheartar go cúramach ag teastáil de bharr scála an athraithe chun tacú le heolas agus modheolaíocht ábhair oideolaíochta na múinteoirí.

- Bíonn na páistí féin atá ina bhfoinsí iniúchta agus foghlama go minic, agus tá sé tábhachtach muinín a léiriú i mbreithiúnas gairmiúil na múinteoirí maidir lena n-idirghníomhaíochtaí leis na daltaí. Beidh gá le struchtúr soiléir i gcáipéisí curaclaim, ach go mbeadh an scóip ann le gur féidir an t-ábhar a chur in oiriúint d'éagsúlachtaí scoileanna ó thaobh comhthéacs de.

Cuireadh staidéir thábhachtacha i láthair sa tsraith seimineár *Curaclam á Athshamhlú* sna réimsí Oideachas Ealaíne (Drámaíocht, Ealaín, Ceol); Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil (Stair agus Tíreolaíocht); Folláine (Corpoideachas, agus Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte); Comhtháthú, Oideolaíocht agus Measúnacht; agus Oideolaíocht – dearcthaí na múinteoirí agus na bpáistí. Bhí an plé bríomhar agus tairbheach. Tá CNCM buíoch de rannpháirtíocht dhíograiseach na bpáirtithe leasmhara ón bpobal oideachais ar fad.

# Aguisín 1:  Eagraíochtaí Leasmhara a d'fhreastail ar an seimineár

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)
An Foras Pátrúnachta
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
Better Start – Forbairt Cáilíocht Luathbhlianta Náisiúnta
Ionad Oideachais na Carraige Duibhe
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
Coistí Cúraim Páistí na hÉireann
Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
Conradh na Gaeilge
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
An Roinn Oideachais
Cigireacht na Roinne Oideachais
Ionad Oideachais Dhroim Conrach
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) Changemaker Schools' Network
Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (IO OCBÁC)
Ag Foghlaim le Chéile
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
Foras na Gaeilge
Roinn Froebel an Oideachais Luath-óige agus Bunscolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad
Gaeloideachas
Bord Oideachais an tSionaid Ghinearálta
Coláiste Hibernia
IBEC
Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile (IFUT)
Comhdháil na gCeardchumann
Comhdháil Easpag na hÉireann
Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann
Comhchoiste na mBainisteoirí
Ionad Oideachais Chill Dara
Institiúid Oideachais Marino
Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Luimneach
Ollscoil Mhá Nuad
Oideachas Bunscolaíochta Moslamach
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
Comhar Náisiúnta um Eagraíochtaí Cúraim Leanaí
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC)
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
Ionad Tacaíochta Oideachais na hUaimhe
Oifig an Ombudsman do Leanaí

Oide
Foghlaim agus Oideachas Oideolaíochta do na Luathbhlianta
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An Chomhairle Mhúinteoireachta
An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT)
Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)
TUSLA – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

## Aguisín 2: Spreagaithisc agus Painéalaithe

- **Foireann Taighde AIF Spreagláithreoirí**

An Dr Patrick Burke, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
An Dr Paula Lehane, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

- **Saol Scoile Páistí (CSL) Spreagláithreoir na Foirne**

An tOll. Dympna Devine, Scoil an Oideachais, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Painéalaithe**

- An tOll. Louise Hayward, Ollscoil Ghlaschú
- An tOll. James Spillane, Ollscoil Northwestern, Chicago
- An Dr Thomas Walsh, Ollscoil Mhá Nuad
- An tOll. Dominic Wyse, Ollscoil Londan

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment